

Scéal Ghearóid Iarla

Máire Mhac an tSaoi



An Chéad Eagrán 2011
Dara hEagrán 2012
An Triú hEagrán 2018
© Máire Mhac an tSaoi 2011, 2012, 2018

ISBN 978 1 911363 43 9

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athfhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná slí, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Clóchur agus dearadh: Caomhán Ó Scolaí
Clódóireacht: Clódóirí Lurgan



Foras na Gaeilge

Tugann Foras na Gaeilge tacatocht do Leabhar Breac

Leabhar Breac, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Teil: 091-593592

Fuadach

Do ghreamaigh an leanbh a dhá dhorn in íochtar na máthar. Bhí an grianán, áras roghnaithe na mban sa chaisleán túir, 'na chíorthuathail timpeall orthu agus ise éirithe 'na seasamh. Bhí na mná coínleachta ag sciotaraíl: bean acu agus a trealamh fuála fáiscithe aici lena hucht, bean eile á chaitheamh uaithi; stól-anna á leagadh ar gach taobh agus an tuirne 'na stad; siosarnach ag imeacht ó bhéal go béal: 'Dia idir sinn agus an anachain! Sé an tIarla atá chughainn! Sé Mac Thomáis féin é!'

Do labhair an mháthair, i bhFraincis chrochta na n-uasal ngallda. '*Á quoy, sire, doy-je l'honneur de ceste visite?*'

Do fhreagair an fear mór breá ó bharr an staighre sa teanga chéanna. '*Eh bien! C'est fait. Tu rentreras a tes frères et je garde le marmot*': Téir abhaile go dtí do dheartháireacha agus coiméadfad an tarbhlaio.

D'ísligh an mháthair go glúine agus d'fhill a dá mhuinirtle leathana ar an leanbh chun cogar a chur 'na chluais, 'A Ghearóid, sé seo t'athair. Is rí mór é.

Tá sé fíor-cheanúil ort agus déanfaidh sé rí mór díotsa. Bí i do bhuachaill mhacánta agus dein mar a deirtear leat. Siúl amach anois chuige agus beannaigh dó.’

Níor thaibhsigh do Ghearóid go raibh aon chion ar leithridh air ag an bhfear mór breá. Thug an mháthair sonc beag sa droim dó á mhisniú, ‘Coimrí Mhuire agus Íde naofa ort,’ ar sise, agus dhruid sé amach uaithe. Bhí caipín beag den veilbhit chraorach ar a cheann, ar aon dath lena chóta cabhlach, agus bhain sé anuas go cúirtéiseach é, mar a bhí múinte dhó. N’fheadar sé arbh as Gaeilge nó sa bhFraincis ba chirte dhó beannú agus dá réir sin d’fhan sé ’na thost.

Do gháir an fear mór, ‘Tá sé coráistiúil,’ adúirt sé, fós i bhFraincis. ‘Dual folaíochta dhó an méid sin. Tabharfad liom láithreach é. Féachfaidh an file id’ dhiaidhse.’

Sheas sé i leataoibh ón staighre, agus ar a chúl, i bhfolús na bíse, do nocht an file é féin go follasach féinleor féna thuíon ioldaite. Do dhruid máthair Ghearóid siar uaidh, ‘Fan amach uaim,’ adúirt sí i malairt ghlóir, agus as Gaeilge: ‘A mhaidrín lathaí, ar do shodar i ndiaidh na n-uasal duit.’

‘Ar th’ordú, a bhean uasal,’ arsa an file go séimh. ‘Aithním mo mháistir, díreach fé mar dheinirse.

Raghaidh tú slán abhaile fé mo choimirce. Ná bímis ag bruíon le chéile.’ Lean sé na céimeanna aníos agus sheas i measc na bantrachta.

Ag labhairt di anois as Gaeilge, thaibhsigh an bhean níos suaimhneasáí agus dúirt sí leis an bhfear mór, ‘Beir leat fós a bhuime; ní bheidh sí muirearach ort.’

D’aontaigh an fear mór le gothadh cinn agus d’aithin Gearóid gur thuig sé an teanga san. Gan focal aisti dhruid Méaras, a bhanaltra, chun tosaigh agus chroch sí an leanbh ar a cromán. Bhí an staighre anois lán d’fhearaibh fé arm, cuid acu ag síneadh a muiníl le cíocras go bhfeicfidís na gnótha a bhí ar siúl thuas staighre i measc na n-uasal. Chuala Gearóid arís siosarnach na mban: ‘Rúid Mhac Thomáis!’

‘Fa’san!’ arsa athair nua so Ghearóid, ar léir tiarnas a bheith aige, de sheanbhéic, agus síos na céimeanna ar scriú leis an díorma ar mhuin mhairc a chéile, le gíoscán leathair agus le gleithearán iarainn, gur shroiseadar an bábhún dhá stór síos mar a raibh na capaill ar adhastar. Do lean Mac Thomáis iad — má b’é a bhí ann — de chéim thromchúiseach agus, mar eireaball ’na dhiaidh, do thriall Méaras, ag iompar Ghearóid, agus scata den mbantracht ag brú phluid-eanna agus comhairle uirthi. D’fhan an bhean uasal

agus an file mar a raibh acu, ise tostach, eisean ag portfheadaíl fén' fhiacra.



Bhain Gearóid sásamh thar meon as an gceann ar aghaidh a dheineadar ar mhuint na gcapall ar chos in airde, é soiprithe i bhfallaing in ucht a athar agus an t-aer 'na thimpeall ar tinneall le fuaim na gcruite, ard ar chloch, balbh ar fhód. Ar ndó, thit a chodladh air tar éis tamaill, agus nuair 'baineadh anuas é ó bhac-lainn go bac-lainn is ar éigean a dhúisigh sé.

Solas na maidne a dhein é sin. Bhí sé cuachta ar shráideoig ar an urlár, drom le drom le Méaras agus ise 'na léine. Ar 'aghaidh amach d'aithin sé go raibh bean óg sínte a raibh boladh deas uaithi, agus gan aon léine uirthi in aon chor. Lig sí srannadh beag banúil aisti agus d'éirigh Gearóid aniar, ach níor dhúisigh sise. Bhí sé i halla mór fada agus grian isteach trí ghach fuinneog ann. Bhí a lán duine eile ann 'na gcodladh ar shráideoga ar an urlár fé mar a bhí déanta aige féin. I mbun an halla i gcúinne bhí leaba chnaiste fé chuiretíní leathair a bhí breac le hór. 'Na nduine agus na 'nduine thosnaigh na codlatánaigh ag corraí. Mná ar fad a bhí iontu agus bhí cabaireacht

san uile ghlór chinn ar bun acu. Bhí crúcaí sáite i bhfalla an halla anso is ansúd agus fallaingí difriúla ar sileadh uathu. Chuaigh na mná á bprapáil féin. D'imigh bean acu leaistiar de chuiríní na leapan agus cualathas comhrá. Fán am so bhí beirt chomhleapaithe Ghearóid éirithe agus fáisceadh a chóta cabhlach féin air. Bhí na mná anois ag teacht is ag imeacht sa staighre bíse, suas agus anuas, fios a gnó féin ag gach éinne acu, de réir dealraimh. Bhí Gearóid nite acu, thuas agus thíos, agus a cheann cíortha. Dheineadar go léir iontas dá dheirge agus dá fhinne, dá thoise is dá ghleoiteacht; ba léir dó gur bha mná sárthuisceanacha iad uile, agus bhí sé ar a shástacht 'na measc.

Ansan isea leathadh cuiríní na leapan cnaiste agus facthas do chách an bhean uasal sínte siar inti in aghaidh na bpeiliúr bhflocas agus brat daor den bhfionna ba ghlé-dhuibhe de chuid na dobharchon anuas á clúdach. Ní raibh aon fháscadh den línéadach fána ceann, ach locaí liatha síos léi, agus bhí a haghaidh chomh bán le bainne.

'Mo ghraidhn í,' arsa Méaras féna hanál, 'Níl aon fhaid ar an saol so i ndán di.'

Do labhair an bhean sa leabaidh, 'Tabhair chugham é go bhfeicfead an cárta cúil.'

D'aistrigh bean lámh léi an chaint go Gaelainn agus thóg Méaras Gearóid ó thalamh gur chuir 'na shuí é ar an gclúid fhionna.

'Nach é Naoise ina steillbheatha é?' arsa an bhean teangan, 'Chomh bán le sneachta, agus a chóitín atá sróldhearg mar fhuil ar an bhfionna dubh! Naoise, an fear fial fosaidh, isé 'thosaigh na póga.'

'Ní ar a bhreáthacht atá gnó againn de,' arsa bean na leapan, ag tarrac na Gaeilge chúichi ar shon Mhéarasa, 'Bhí beirt mhac ag céile mo mhic, grásta uirthi, mairid, agus isé Mac Thomáis a n-athair. Mac ganfhiosaíochta é seo, cárta cúil mar 'dúrt. Is eol do ghramaisc na sráide an tIarla a bheith ar a sheachnadh ó Rí Shacsan agus luath nó mall caithfear an scéal so a réiteach. Is eol don Rí Éadbhard a mbeith ann don mbeirt shinsearach; mac anaithnid é seo agus ní fearr d'éinne agaibh fios a bheith aici cá mbeidh sé ná cá mbeidh a bhuime. As so amach ná feicidh a bhfeicfidh sibh agus ná clois a gcloisfidh sibh. Agus, a bhean mhaith,' le Méaras, 'bíse tostach agus dílis thar chách.'

Altram

I leaba Mhéarasa a chodail Gearóid a chéad oíche ar daltachas ar láimh ‘Mhá Cártha’, agus, nuair a caill-eadh ise, chuaidh sé i leaba Dhiarmada. B’é Diarmaid an mac ab óige de chuid an fhilatha agus coinníodh ag baile é. Cabaire beag a bhí i nGearóid.

‘Cá fá,’ adúirt, ‘nach bhfuilirse in altram ar nós na coda eile againn?’

Do gháir an t-ógánach lách dea-iúmarach, ‘Is mé dríodair an áil,’ arsa seisean. ‘Is leasc lem athair mé ’chur i bhfiontar.’

Rinne an leanbh a mharana, ‘An bhfuilimse i bhfiontar?’ d’fhiafraigh sé.

‘Ó a lao, níos mó ná éinne,’ agus bheir Diarmaid barróg air, ‘Ach ní baol duit, pé ní a thiocfaidh, féachfadsa id’ dhiaidh!’

‘Ní bheidh gá leis sin,’ arsa Gearóid le mórtas, ‘Isé m’athair Ardrí Éireann; dúirt Méaras liom é.’

‘Bí ar t’aire,’ ar Diarmaid, ‘ná habair go deo le héinne an méid sin ar an láthair seo. Creid mise. Insa chomhluadar so is leis an gCárthach ceartas ríocht